

**Imleabhair uile Bhailiúchán na Scol agus ábhar Co. Chorcaí agus Co. Uíbh Fhailí
seolta ag an Aire Stáit Seán Kyne ar www.duchas.ie**

Tá imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar www.duchas.ie seolta ag Seán Kyne TD, Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta sa Screagán, Co. Uíbh Fhailí (Dé Céadaoin, an 21 Meán Fómhair).

Ábhar béaloidis a thairfead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Ghlac thart ar 5,000 bunscoil páirt i Scéim na Scol agus chuir siad beagnach leathmhilliún leathanach ar fáil atá in imleabhair cheangailte i gcartlann an Chnuasaigh in UCD ó shin. Tá na himleabhair sin as Bailiúchán na Scol á bhfoilsíú ar [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ar bhonn contae ó dheireadh 2013. Agus ábhar Co. Chorcaí agus Co. Uíbh Fhailí seolta, tá na himleabhair go léir ó na 26 chontae a ghlac páirt i Scéim na Scol ar fáil go digiteach don phobal ar [duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois.

Is toradh é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar agus Scoil na Gaeilge (DCU) agus An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne.

Cuireann Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Tá líon mór úsáideoirí lonnaithe sa Bhreatain, sna Stáit Aontaithe, san Astráil agus i gCeanada, i measc neart tíortha eile. Is áis iontach é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) dóibh siúd a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach de réir áiteanna, de réir daoine agus de réir topaicí, agus tá ábhar ann ó nach mór gach paróiste sa tír.

Gné shuaithinseach den suíomh is ea [Meitheal Duchas.ie](http://Meitheal.Duchas.ie), togra tras-scríbhneoireachta sluafoinsithe. Ag tús 2015, iarradh ar an bpobal cuidiú le tionscadal [duchas.ie](http://www.duchas.ie) trí thras-scríobh a dhéanamh ar théacs na scéalta Gaeilge i mBailiúchán na Scol. Ó thús na bliana seo, tá gach scéal sa bhailiúchán, idir Ghaeilge agus Bhéarla, ar fáil don tras-scríobh agus tá pobal díograiseach tras-scríbhneoirí ag gabháil don obair go fonnmhar. Tá breis is 35,000 leathanach tras-scríofa go deonach ag baill na Meithle go n-uige seo – rud a chiallaíonn go bhfuil Meitheal Duchas.ie ar cheann de na tionscadail sluafoinsithe is rathúla dá leithéid ar domhan.

Dúirt Seán Kyne TD, Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, ‘Cúis áthais dom an dá chontae dheireanacha de Bhailiúchán na Scol a sheoladh, rud a fhágann go bhfuil an cnuasach iontach seo curtha ar fáil don phobal ina iomláine anois. Tá tábhacht ar leith aige ní amháin mar phríomhfhoinsé don taighdeoir acadúil ach mar ábhar spéise agus suntais do chuide dhuine, ar fud an domhain, a chuireann suim in Éirinn.’

Tá [duchas.ie](http://www.duchas.ie) á fhorbairt ag Fiontar agus Scoil na Gaeilge, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair [duchas.ie](http://www.duchas.ie) maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

clare.coughlan@dcu.ie

(01) 700 6577



An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs



Nóta d’eagarthóirí:

Ábhar Chontae Chorcaí agus Chontae Uíbh Fhailí

Ghlac breis agus 90 scoil páirt sa scéim i gContae Uíbh Fhailí agus tiomsaíodh 21 imleabhar d’ábhar béaloidis. I gContae Chorcaí, ghlac breis agus 450 scoil páirt sa scéim agus ba é 125 imleabhar toradh a gcuid saothair.

Co. Chorcaí

Tá clú ar Ghobnait Naofa Bhaile Bhuirne agus de réir an [scéil seo](#) ‘tá a hainm i measc na naomh is cáilmhire in Éirinn’. Mar gheall air seo tá an-chuid scríofa fúithi in ábhar Chorcaí i mBailiúchán na Scol. Tá sé ráite go raibh beacha ag Naomh Gobnait agus gur úsáid sí iad ar mhaithe le daoine a chosaint. Seo [scéal](#) inár úsáid sí na beacha chun fáil réidh le saighdiúirí a bhí ag iarraidh ba a thógáil ó fheirmeoirí Bhaile Bhuirne. Deirtear sa [scéal seo](#) gur banphrionsa ón Iarthar a bhí inti a ghabh cuing chrábhaidh. Dúirt a haingeal coimhdeachta léi dul go háit a bhfaigheadh sí naoi bhfia gheala agus ‘dein do bheannú is do lonnú san áit seo’. Tá cur síos an-sonrach ar Naomh Gobnait agus ar a saol sa [scéal seo](#). Tá scéal spéisiúil eile faoi Naomh Gobnait agus a raibh ar siúl aici thuas ar Chathaoir Ghobnatan i nGort na Tiobhratan. De réir an [scéil seo](#), bhí caisleán á thógáil sa cheantar ag dream nár thaitin léi. Gach aon oíche chaitheadh sí bolla leis agus scríosadh sí an méid a bhíodh déanta acu.

Bíonn tarraingt mhór ag turasóirí ar Chloch na Blarnan agus dar ndóigh, tá roinnt tagairtí don chloch féin agus don chaisleán i measc ábhar Chorcaí. Deirtear sa [scéal seo](#) gur píosa de Chloch Sgàin atá sa chloch a thug muintir de Brús do Chormac Láidir Mac Cárthaigh. I scéal eile [anseo](#) tharrtháil Mac Cárthaigh bean agus mar chúiteamh thug sí rogha dó idir cumhacht, saibhreas nó dea-chaint. Roghnaigh sé an ceann deireanach agus dúirt sí leis dul abhaile agus cloch áirithe, Cloch na Blarnan, a phógadh. Maidir leis an gcaisleán féin, tá cur síos ar fáil sa bhailiúchán a luann cathain ar tógadh é agus cé a chónaigh ann. Anuas air sin tá sé ráite sa [scéal seo](#) mar a chuir muintir an chaisleáin ruaig ar fhórsaí Chromail. Deirtear freisin gur chaith muintir Mhic Cárthaigh a n-earraí luachmhara ar fad i loch chun iad a choinneáil óna naimhde agus go dtaispeánann Mac Cárthaigh é féin gach seacht mbliana – cibé duine a fheiceann é gheobhaidh an té sin na hearraí luachmhara ar fad.

Co. Uíbh Fhailí

Tá clú agus cáil ar Chluain Mhic Nóis ar fud an domhain, agus tá neart [scéalta](#) faoin láthair eaglasta sin, agus faoi na toibreacha beannaithe, crosa, cloigthishe, agus séipéil atá inti san imleabhar a bhaineann le scoil Chluain Mhic Nóis. I measc na scéalta eile a bhaineann le cúrsaí cráifeachta, tá dornán scéalta san imleabhar ó scoil Liath Mancháin mar gheall ar phatrún an cheantair úd. Sa [scéal seo](#), insítear faoi bhó bhleachtmhar a bhí ag Naomh Manchán agus a goideadh uaidh. D’aimsigh an naomh í toisc gur fágadh lorg a crúb ar na clocha. Níor thug Naomh Manchán bainne ar bith do mhuintir Liath Mancháin ina dhiaidh sin. Ón lá sin amach níor dhíol muintir an pharóiste sin aon deoir bhainne. Tá scéal eile le léamh [anseo](#) maidir leis an gcaoi ar roinn Naomh Manchán agus Naomh Ciarán a gcuid tailte. Dúirt Ciarán go gcaithfeadh sé a chaipín san aer agus gur leisean an talamh ón áit a raibh sé ina sheasamh go dtí an áit a dtitfeadh sé. Rinne sé sin agus shéid an gaoth é i bhfad uaidh chuig an teorainn idir Uíbh Fhailí agus an Iarmhí. Deirtear go mbíonn gaoth mhór nó ‘Gaoth Chiaráin’ ann gach aon bhliain ar Lá Fhéile Chiaráin an 9 Meán Fómhair.

Rud a fheictear go minic i mBailiúchán na Scol ná liostaí de fhocail Ghaeilge a bhíodh in úsáid sa Bhéarla a labhratá go háitiúil, agus is sampla maith dá leithéid [an liosta seo](#) ó Ros Eidhneach. Is dóigh, mar aon le háit ar bith eile in Éirinn, nach samhlaítear Uíbh Fhailí le fíon, ach léiríonn an [scéal seo](#) ó Bheannchar go mbíodh fíon airní á dhéanamh sa cheantar sin, ní amháin sin, ach tugtar teoracha maidir le cén chaoi ar féidir é a dhéanamh. Ar an ábhar céanna tá cur síos san ábhar ó Chaladh na Sionainne ar [thithe tábhairne Uíbh Fhailí](#), ‘The Blue Ball’, ‘The Thatch’, agus ‘The Cat and Bagpipes’ ina measc. Bhí tionchar ag an gCanáil Mhór ar an saol i gCaladh na Sionainne, ar ndóigh, agus san imleabhar céanna tá [mionchur síos](#) ar stair na canálach sin.